

Dé Máirt, 19 Iúil, 2011
Tuesday, 19th July, 2011

2.30 p.m.

RIAR NA hOIBRE
Order Paper

GNÓ POIBLÍ
Public Business

Tairiscintí:
Motions:

1. “Go ndéantar, d’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, le héifeacht ón 20 Iúil, 2011 agus go dtí go gcuirfear a mhalairt in iúil sa 24ú Seanad, Buan-Ordú 57 de Bhuan-Orduithe Sheanad Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a leasú leis seo tríd an mír seo a leanas a chur leis:

‘(2) Ar mholadh ón gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí agus le cead an Tí, féadfaidh ionadaithe agus daoine sa saol poiblí agus sibhialta bheith i láthair agus éisteacht a fháil sa Seanad.

That, notwithstanding anything in Standing Orders, with effect from the 20th July, 2011 and until further notice in the 24th Seanad, Standing Order 57 of the Standing Orders of Seanad Éireann relative to Public Business is hereby amended by the addition of the following paragraph:

(2) On the recommendation of the Committee on Procedure and Privileges and with the leave of the House, representatives and persons in public and civic life may attend and be heard in the Seanad.’’.

—*Senator Maurice Cummins.*

2. “Go gceadaíonn Seanad Éireann na téarmaí tagartha seo a leanas a ghlacadh le haghaidh an Choiste Seanaid um Achainíochas ón bPobal (CSAP), arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe 92-95 agus de réir na Tuarascála ón bhFochoiste den Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí maidir le Coiste um Achainíochas ón bPobal a bhunú:

1. Beidh an comhaltas céanna ag CSAP is atá ag Coiste Roghnóireachta an tSeanaid.
2. Beidh Leas-Chathaoirleach an tSeanaid ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach *ex officio* ar CSAP. Cúigear is córam do CSAP.
3. Sonróidh agus poibleoidh CSAP réimse faoi leith a bhaineann le cumhachtaí reachtacha an tSeanaid nó

That Seanad Éireann approves the adoption of the following terms of reference for the Seanad Public Petitions Committee (SPPC), established under Standing Orders 92-95 and in accordance with the Report of the Sub-Committee of the Committee on Procedures and Privileges on the Establishment of a Public Petitions Committee:

1. The SPPC shall have the same membership as the Seanad Committee of Selection.
2. The Leas-Chathaoirleach of the Seanad shall be *ex officio* Chairperson of the SPPC. The quorum of the SPPC shall be five.
3. The SPPC shall specify and publicise a particular area related to the legislative powers of the Seanad or to an

P.T.O.

- le saincheist beartais phoiblí agus iarrfar achainíocha maidir leis i ngach téarma suí Seanaid.
4. Déanfar spriocam maidir le hachainíocha a chur faoi bhráid CSAP a shonrú agus a phoibliú i ngach téarma suí.
5. Suífidh CSAP go príobháideach sa chéad ásc chun an réimse faoi leith a chinneadh a n-iarrfaidh sé go gcuirfear achainíocha faoina bhráid ina thaobh.
6. A luaithe a bheidh achainíocha curtha faoina bhráid, suífidh CSAP go príobháideach arís chun breithniú a dhéanamh ar inghlacthacht na n-achainíocha a cuireadh faoina bhráid agus chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar cén gníomh a dhéanfar i ndáil le hachainíocha inghlactha.
7. Is i gceann de na Seomraí Coiste a thionólfar suíonna príobháideacha CSAP.
8. I gcás inar dóigh le CSAP gur cuí cloisteáil ó achainíoch nó achainígh go díreach maidir le hachainí inghlactha a cuireadh faoina bhráid, déanfaidh sé socrú maidir le seisiún poiblí a thionól.
9. Féadfar a iarraidh ar achainíoch amháin nó níos mó na seisiúin phoiblí sin a aitheasc, féadfaidh daoine den phobal freastal orthu, feadfar iad a thionól i seomra an tSeanaid lasmuigh d'amanna suí agus féadfar iad a chraoladh ar an teilifís.
10. Is i dteannta Bhuan-Orduithe 92-95 de chuid an tSeanaid a léifear na téarmaí tagartha seo.
- issue of public policy on which petitions will be invited in each sitting term of the Seanad.
4. A deadline for the submission of petitions to the SPPC shall also be specified and publicised in each sitting term.
5. The SPPC shall sit in private in the first instance to decide upon the particular area upon which it will invite the submission of petitions.
6. Once petitions have been submitted, the SPPC shall again sit in private to consider whether petitions submitted are admissible and to consider further what action to take in relation to admissible petitions.
7. Private sittings of the SPPC shall take place in one of the Committee Rooms.
8. Where the SPPC considers it appropriate to hear from a petitioner or petitioners directly in respect of an admissible petition submitted to it, it shall arrange for the holding of a public session.
9. Such public sessions, which one or more petitioners may be invited to address, and which members of the public may attend, may be held in the Seanad chamber outside of sitting times and may be televised.
10. These terms of reference to be read in conjunction with Seanad Standing Orders 92-95.”

—*Senator Maurice Cummins.*

3. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint le haghaidh íospartaigh na coireachta,

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council establishing minimum standards on the rights, support and protection of victims of crime,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011.

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011.”.

—*Senator Maurice Cummins.*

-
4. (m) An Bille Airgeadais (Uimh. 3), 2011 [*Bille Airgid Deimhnithe*] — An Coiste.
(r) Finance (No. 3) Bill 2011 [*Certified Money Bill*] — Committee.

-
5. (l) An Bille um Shásamh i leith Foras Cónaithe (Leasú), 2011 [*Dáil*] — An Dara Céim.
(a) Residential Institutions Redress (Amendment) Bill 2011 [*Dáil*] — Second Stage.

-
6. (l) An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2009 [*Bille Seanaid arna leasú ag an Dáil*] — An Tuarascáil.
(a) Child Care (Amendment) Bill 2009 [*Seanad Bill amended by the Dáil*] — Report Stage.

-
7. Ráitis agus Ceisteanna agus Freagraí maidir le Talmhaíocht agus Iascach.
Statements and Questions and Answers on Agriculture and Fisheries.

Bille (atógáil) (0.02 n. fágtha):

Bill (resumed) (0.02 m. remaining):

8. An Bille um Chlárú Uachtanna, 2011 — An Dara Céim (*atógáil*).
Registration of Wills Bill 2011 — Second Stage (*resumed*).

—*Senator Terry Leyden.*

Tíolactha:

Presented:

9. An Bille um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála arna shíniú in Lugano an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 2007 agus arna chríochnú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh de bhun Chinneadh 2009/430/CE1 ón gComhairle, agus chun na críche sin do leasú an Achta um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 agus an Achta Cothabhála, 1994 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to the Convention on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters signed at Lugano on the 30th day of October 2007 and concluded on behalf of the European Community pursuant to Council Decision 2009/430/EC1, and for that purpose to amend the Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments Act 1998 and the Maintenance Act 1994 and to provide for related matters.

10. An Bille um Príobháideacht, 2006 — Ordú don Dara Céim.
Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

11. An Bille Staidrimh (Leasú i leith Oidhreachta), 2011 — Ordú don Dara Céim.
Statistics (Heritage Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Staidrimh, 1993, i ndáil leis an gcéad daonáireamh ar Éirinn a rinneadh ó bunaíodh an Stát; do thabhairt stádas oidhreachta speisialta don daonáireamh sin agus do chur faoi deara é a chur ar fáil don phobal le haghaidh taighde ginealais, staire agus taighde eile.

Bill entitled an Act to amend the Statistics Act 1993, in relation to the first census of population of Ireland taken since the establishment of the State; to afford that census a special heritage status and to have such released to the public for genealogical, historical and other research.

—*Senator Labhrás Ó Murchú.*

12. An Bille um Thrédhearcacht GNBS, 2011 — Ordú don Dara Céim.
NAMA Transparency Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), 2009 agus do dhéanamh socrú, ar mhaithe le trédhearcacht, chun go mbeidh na mionsonraí iomchuí uile maidir le maoinne a thairgtear lena ndíol ag GNBS nó le ceadú GNBS ar fáil don phobal trína bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin.

Bill entitled an Act to amend the National Asset Management Agency (NAMA) Act 2009 and to provide that, in the interests of transparency, all relevant details of properties offered for sale by or with the approval of NAMA be available to the public by means of publication on a website.

—*Senators Mark Daly, Darragh O'Brien, Diarmuid Wilson.*

13. An Bille um Áras an Teaghlaigh, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Family Home Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thoirmeasc ordú cúirte a dheonú maidir le seilbh príomhárais teaghlaigh ach amháin in imthosca ina mbeidh anailís infhíoraithe, mhionsonraithe agus neamhspleách maidir le cumas aisíoctha úinéir an árais teaghlaigh tugtha ar aird don chúirt, agus ina mbeidh deis faighte ag an gcúirt an t-iarratas bunaidh ar mhorgáiste a athbhreithniú, agus ina ndéanfar breithniú ar réimse gníomhartha malartacha lena bhféachfar le seilbh an úinéara ar áras an teaghlaigh a chosaint.

Bill entitled to prohibit the granting of a court order for the possession of a primary family home except in circumstances where the court has been presented with a verifiable, detailed and independent analysis of the repayment capacity of the family home owner, and where the court has had an opportunity to review the original mortgage application, and consideration is given to a range of alternative actions that will seek to protect the homeowner's possession of the family home.

—*Senators Mark McSharry, Thomas Byrne.*

14. An Bille Ombudsman (Leasú), 2008 [*Dáil*] — An Dara Céim.
Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [*Dáil*] — Second Stage.

15. An Bille um Cheartas Coiriúil, 2011 [*Dáil*] — An Dara Céim.
Criminal Justice Bill 2011 [*Dáil*] — Second Stage.

16. An Bille Cróinéirí, 2007 — An Coiste.
Coroners Bill 2007 — Committee.

Tairiscintí:

Motions:

17. “Go gceadaíonn Seanad Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndréacht:

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2), 2011,

ar leagadh cóipeanna díobh ina ndréacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 23 Meitheamh, 2011.

That Seanad Éireann approves the following Regulations in draft:

The Planning and Development (Amendment) (No. 2) Regulations 2011,

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 23rd June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

18. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le siniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d’ais-triú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí (TAP) chuig Seirbhís Custam agus Cosanta Teorann na hAstráile,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 10 Meitheamh, 2011.

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the signature of the Agreement between the European Union and Australia on the processing and transfer of Passenger Name Record (PNR) data by air carriers to the Australian Customs and Border Protection Service,

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 10th June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

19. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union

an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le críochnú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí (TAP) chuig Seirbhís Custam agus Cosanta Teorann na hAstráile,

and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Council Decision on the conclusion of the Agreement between the European Union and Australia on the processing and transfer of Passenger Name Record (PNR) data by air carriers to the Australian Customs and Border Protection Service,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 10 Meitheamh, 2011.

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 10th June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

20. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhearta cosanta in ábhair shibhialta,

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

a proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on mutual recognition of protection measures in civil matters,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011.

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

21. *Tairiscintí nach ón Rialtas:*
Non-Government Motions:

1. “That Seanad Éireann is keenly aware of the suffering of the families of those who died or were injured in the Dublin and Monaghan bombings and in all the atrocities that were inquired into by Judge Henry Barron; that this suffering is exacerbated by the absence of closure in these terrible tragedies; and that we support their call for co-operation by the British Government to actively participate in a process to help provide answers to the questions that remain unanswered; and that the Irish Government will continue in its efforts to urge the British Government to give urgent consideration to this matter.”

—*Senators Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Diarmuid Wilson.*

[16 June, 2011]

2. “That Seanad Éireann will appoint an Honorary Senator to represent the Global Irish Community Overseas.”.

—*Senators Mark Daly, Diarmuid Wilson, Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh.*

[28 June, 2011]

3. “That Seanad Éireann calls on the Minister for Health and the Government to honour its pre-election commitments and ensure the continuation of the existing twenty-four hour a day, seven day a week, Accident and Emergency services at Roscommon County Hospital.”.

—*Senators Terry Leyden, Diarmuid Wilson, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Mary White.*

[6 July, 2011]

4. “That Seanad Éireann

notes that:

- the Social, Personal and Health Education (SPHE) Programme, incorporating Relationships and Sexuality Education (RSE) has been a mandatory part of the curriculum in all primary and junior cycle post-primary schools since 2003;
- all schools are obliged to have an agreed school policy and a suitable RSE programme in place for senior cycle students;
- a recent Forum in Áras an Uachtaráin on *Working Together to Promote Positive Mental Health*, attended by representatives of the relevant stakeholders including young people, highlighted the need for schools to play their part in this crucial aspect of growing into adulthood;
- this Forum pointed to the centrality of the RSE programme for promoting positive mental health in our young people and that the effective implementation of such a programme in all schools was critical to the development of active, fully rounded and responsible citizens;
- forum participants pointed out that in some schools the senior cycle was dominated by the examination system which often had a distorting effect on the priority afforded to the social, personal and health development of the pupils, thereby contributing to a poor and inconsistent delivery of the RSE programme;
- the quality and inconsistency of the implementation of the SPHE programme in some of our schools and, in particular, the narrow focus of the RSE programme being experienced by many senior cycle pupils has given rise to concern;

and calls on:

- the Minister for Education and Skills to give serious and sustained attention to redress this imbalance and to ensure that our education system responds to all of the developmental needs of each individual pupil.”.
- Senators Jillian Van Turnhout, Eamonn Coghlan, Fiach MacConghail, Martin McAleese, Mary-Ann O’Brien, Marie-Louise O’Donnell, Katherine Zappone.*

[19 July, 2011]

22. An Seanad a chur ar athló.
Adjournment of the Seanad.

BILLÍ SEANAID SA DÁIL
Seanad Bills with the Dáil

An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2009.
Property Services (Regulation) Bill 2009.

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2010.
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010.

An Bille um Chonarthaí Foirgníochta, 2010.
Construction Contracts Bill 2010.

An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2008
(*athraithe ó*) An Bille Meabhair-Shláinte (Bearta Ainneonacha) (Leasú), 2008.
Mental Health (Amendment) Bill 2008
(*changed from*) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2011.
Criminal Justice (Female Genital Mutilation) Bill 2011.

An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.
Civil Law (Miscellaneous Provisions) Bill 2011.

An Bille Cosanta (Leasú), 2011.
Defence (Amendment) Bill 2011.

MEMORANDA

Dé Mairt, 19 Iúil, 2011.
Tuesday, 19th July, 2011.

Cruinniú den Chomhchoiste um Chumarsáid, Acmhainní Nádúrtha agus Talmhaíocht
i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 2 p.m. (*Príobháideach*)
Meeting of the Joint Committee on Communications, Natural Resources and Agriculture
in Committee Room 1, LH2000, at 2 p.m. (*Private*)

Cruinniú den Chomhchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus Gaeltacht i Seomra
Coiste 3, TL2000, ar 2.30 p.m.
Meeting of the Joint Committee on Environment, Transport, Culture and the Gaeltacht
in Committee Room 3, LH2000, at 2.30 p.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas i Seomra
Coiste 2, TL2000, ar 3.30 p.m.
Meeting of the Joint Committee on Justice, Defence and Equality in Committee Room 2,
LH2000, at 3.30 p.m.

Dé Céadaoin, 20 Iúil, 2010.
Wednesday, 20th July, 2010.

Cruinniú den Chomhchoiste um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.
 Meeting of the Joint Committee on Jobs, Social Protection and Education, in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 11.30 a.m.
 Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 11.30 a.m.

Déardaoin, 21 Iúil, 2010.
Thursday, 21st July, 2010.

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 11 a.m.
 Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 11 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 11 a.m.
 Meeting of the Joint Committee on European Union Affairs in Committee Room 4, LH2000, at 11.30 a.m.

PÁIPÉIR A LEAGADH FAOI BHRÁID AN tSEANAID
Papers laid before the Seanad

Reachtúil:

Statutory:

1) Ráiteas maidir le cáilíochtaí an Chomhairleora Speisialta, Andrew McDowell, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh is cáilíochtaí is iomchuí maidir lena fheidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

1) Statement of the qualifications of Special Adviser, Andrew McDowell, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach relevant to his functions as a Special Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

2) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Andrew McDowell, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh, leis an sealbhóir oifige de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

2) Statement as to whether Special Adviser, Andrew McDowell, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

3) Ráiteas maidir le cáilíochtaí an Chomhairleora Speisialta, Pauline Coughlan, Cúntóir Pearsanta, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh is cáilíochtaí is

3) Statement of the qualifications of Special Adviser, Pauline Coughlan, Personal Assistant, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach relevant to her functions as a Special

iomchuí maidir lena feidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

4) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Pauline Coughlan, Cúntóir Pear-santa, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh, leis an sealbhóir oifige de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

4) Statement as to whether Special Adviser, Pauline Coughlan, Personal Assistant, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

5) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Anne Marie Durcan, Rúnaí Pearsanta, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh, leis an sealbhóir oifige de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

5) Statement as to whether Special Adviser, Anne Marie Durcan, Personal Secretary, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

6) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta, Angela Flanagan, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh, leis an sealbhóir oifige de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

6) Statement as to whether Special Adviser, Angela Flanagan, Special Adviser, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach is a relative of the office holder pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

7) Ráiteas maidir le cáilíochtaí an Chomhairleora Speisialta, Angela Flanagan, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh is cáilíochtaí is iomchuí maidir lena feidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

7) Statement of the qualifications of Special Adviser, Angela Flanagan, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach relevant to her functions as a Special Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

8) Ráiteas maidir le cáilíochtaí an Chomhairleora Speisialta, Mark Kennelly, Ceann Foirne, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an Taoisigh is cáilíochtaí is iomchuí maidir lena fheidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

8) Statement of the qualifications of Special Adviser, Mark Kennelly, Chief of Staff, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach relevant to his functions as a Special Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

9) Ráiteas i dtaobh an gaol an Comhairleoir Speisialta Mark Kennelly, Ceann Foirne, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Éanna Ó Coinnigh, Taoiseach, ag Roinn an

9) Statement as to whether Special Adviser, Mark Kennelly, Chief of Staff, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Enda Kenny, Taoiseach, at the Department of the Taoiseach is a relative of the office holder

- Taoisigh, leis an sealbhóir oifige de bhun alt 19(4)(c) de na hAchtanna um Éitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. pursuant to section 19(4)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.
- 10) An tOrdú um Aistrithe Airgeadais (An Bhealarúis) (Toirmeasc) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 371 de 2011). 10) Financial Transfers (Belarus) (Prohibition) (No. 3) Order 2011 (S.I. No. 371 of 2011).
- 11) An tOrdú um Aistrithe Airgeadais (An tSiria) (Toirmeasc) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 373 de 2011). 11) Financial Transfers (Syria) (Prohibition) (No. 2) Order 2011 (S.I. No. 373 of 2011).
- 12) An tOrdú um Aistrithe Airgeadais (Côte d'Ivoire) (Toirmeasc) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 375 de 2011). 12) Financial Transfers (Côte d'Ivoire) (Prohibition) (No. 3) Order 2011 (S.I. No. 375 of 2011).
- 13) An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2009. 13) Food Safety Promotion Board. Annual Report and Accounts, 2009.
- 14) Tuarascáil ar oibriú an Achta um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 (arna leasú) sa bhliain 2010 arna tabhairt do Thithe an Oireachtais ag an Údarás Lárnach i bpearsa an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais de bhun alt 6(6) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003. 14) Report on the operation of the European Arrest Warrant Act 2003 (as amended) in the year 2010 made to the Houses of the Oireachtas by the Central Authority in the person of the Minister for Justice and Equality pursuant to section 6(6) of the European Arrest Warrant Act 2003.
- Neamhreachtúil:* *Non-Statutory:*
- 1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Each-ainmhithe), 2011 (I.R. Uimh. 357 de 2011). 1) European Communities (Equine) Regulations 2011 (S.I. No. 357 of 2011).
- 2) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Alt 42(2)) (Usama bin Laden, líonra Al-Qaida agus an Talaban) (Smachtbhannaí Airgeadais) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 368 de 2011). 2) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(2)) (Usama bin Laden, the Al-Qaida network and the Taliban) (Financial Sanctions) (No. 3) Regulations 2011 (S.I. No. 368 of 2011).
- 3) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Alt 42(6)) (Usama bin Laden, Líonra Al-Qaida agus an Talaban) (Smachtbhannaí Airgeadais) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 369 de 2011). 3) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(6)) (Usama bin Laden, the Al-Qaida network and the Taliban) (Financial Sanctions) (No. 3) Regulations 2011 (S.I. No. 369 of 2011).
- 4) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Bhealarúis) (Smachtbhannaí Airgeadais) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 370 de 2011). 4) European Union (Belarus) (Financial Sanctions) (No. 3) Regulations 2011 (S.I. No. 370 of 2011).
- 5) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An tSiria) (Smachtbhannaí Airgeadais) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 372 de 2011). 5) European Union (Syria) (Financial Sanctions) (No. 2) Regulations 2011 (S.I. No. 372 of 2011).

- | | |
|--|---|
| 6) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Côte d'Ivoire) (Smachtbhannaí Airgeadais) (Uimh. 3), 2011 (I.R. Uimh. 374 de 2011). | 6) European Union (Côte d'Ivoire) (Financial Sanctions) (No. 3) Regulations 2011 (S.I. No. 374 of 2011). |
| 7) Na Rialacháin um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 362 de 2011). | 7) Criminal Justice (Legal Aid) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 362 of 2011). |
| 8) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 380 de 2011). | 8) European Communities (Transnational Information and Consultation of Employees Act 1996) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 380 of 2011). |
| 9) Na Rialacháin um Fhorfheidhmiú Orduithe Cúirte (Cúnamh Dlíthiúil) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 363 de 2011). | 9) Enforcement of Court Orders (Legal Aid) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 363 of 2011). |
-